Nóta Mínithe don Fhíseán Oideachais
'Saoránach AE, an bhfuil sé tábhachtach?'

(gearrthóg físe 4 nóiméad)

(Ollamh Kris Grimonprez, Ollamh Koen Lenaerts)[1]

Sa doiciméad seo, gheobhaidh tú i gcló trom an téacs a labhraítear san fhíseán oideachais (leis am an físe atá imigh thart). Tagann naisc chuig leathanaigh ghréasáin Case4EU chun tuilleadh faisnéise a fháil ina dhiaidh an míniú. Críochnaíonn gach roinn le *ceist le haghaidh smaointeoireacht chriticiúil* i gcló iodálach. (Gheobhaidh tú tuilleadh ceisteanna i ngníomhaíochtaí foghlama Case4EU.[2])

• Cé atá ina shaoránach den AE?

An náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpaigh thú? Mar sin, is saoránach Eorpach thú go huathoibríoch, saoránach de chuid an AE. An bhfuil sé sin tábhachtach? Cinnte go bhfuil! (00:05 nóiméad)

Ní saoránach de chuid an AE é gach duine a rugadh nó a chónaíonn san Eoraip. Is é náisiúntacht an critéar. Is saoránach AE é cibé duine a bhfuil náisiúntacht Ballstáit den AE acu. Mar shampla, is saoránaigh de chuid an AE iad saoránaigh na Fraince nó na Polainne freisin (coincheap na céannachta cisealta). Sonraíonn Conradh an AE: 'Is saoránach den Aontas é gach náisiúnach de Bhallstát. Beidh saoránacht an Aontais ann de bhreis ar an tsaoránacht náisiúnta agus ní ghabhfaidh sí a hionad.'[3]

Tuilleadh eolais i: Téama: Saoránacht AE

An saoránach AE thú? Más saoránach AE thú, an mbraitheann thú mar shaoránach AE?

• Cad é an AE?

Ní stat é an AE, ach is struchtúr rialachais coiteann é, a achtaíonn raon leathan de rialacha an AE a mbíonn tionchar díreach acu ar ár saol laethúil. Is mar sin atá mar, nach féidir le tír amháin cuspóirí polasaithe áirithe a bhaint amach, ar nós aer glan, mar ní stopann aer truaillithe ag teorainneacha náisiúnta, nó geilleagar láidir, mar sa gheilleagar domhanda tá tionchar na dtíortha aonair ró-lag. Mar sin, thug na Ballstáit inniúlachtaí don Aontas Eorpach chun cuspóirí áirithe a bhaint amach le chéile. (00:18 nóiméad)

CC BY NC ND

[1] Leuven University, Case4EU, www.kuleuven.be/case4EU (Contact).
Téacs físe agus Nóta Mínithe aistrithe ag Clare Imbusch.
Original in English: Educational video 'European citizen, does it matter?' (YouTube, KU Leuven) and Explanatory Note.

[2] Breathnú ar doiciméad Cásanna, roinnt 'Working with a case'.

[3] Air. 9 An Conradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

Ní stát é an AE agus níl aon aidhm aige a bheith ina stát. Ní gnátheagraíocht idirnáisiúnta é an AE ach an oiread. Mar sin, cad é? Is féidir an AE a fheiceáil mar Aontas de saoránaigh agus stáit a bhfuil a DNA féin aige. Cuimsíonn an DNA sin luachanna an AE, cuspóirí an AE agus prionsabail an AE. Go bunúsach, tionscadal atá dírithe ar chuspóirí is ea an AE. Sonraíonn Conradh an AE ina chéad alt:
'Leis an gConradh seo, bunaíonn na hArdpháirtithe Conarthacha Aontas Eorpach eatarthu féin […], dá dtugann na Ballstáit inniúlachtaí chun na cuspóirí is coiteann dóibh a bhaint amach.'[4] Ní thugann na Ballstáit inniúlachtaí don AE ach amháin chun na cuspóirí sin a bhaint amach (prionsabal na tabhartha) .[5]

Tuilleadh eolais i: Téama: DNA an AE.

An gceapann tú gur cheart go mbeadh níos mó inniúlachtaí ag an AE toisc go bhfuilimid níos láidre le chéile, nó an gceapann tú gur cheart do gach tír tuilleadh beartas a leanúint go neamhspleách?

• Cad is brí leis an daonlathas san AE?

Agus mar is daonlathas é an AE, mar shaoránach de chuid an AE is feidir leat do thuairim a chur in iúl freisin nuair a dhéantar rialacha an Aontais.
Is féidir leat é sin a dhéanamh nuair a vótálann tú i do thoghcháin náisiúnta agus do Pharlaimint na hEorpa.
Cabhraíonn an chaoi a vótálann tú i dtoghcháin náisiúnta leis an mbealach a roghnaíonn do thír beart a dhéanamh ar leibhéal an AE. (00:54 nóiméad)



Feidhmíonn an tAontas ar bhonn an daonlathais ionadaíoch. Is córas dé-rian é ina bhfuil: (a) vótáil i dtoghcháin pharlaiminteachta na hEorpa (ionadaíocht dhíreach) agus (b) vótáil i dtoghcháin pharlaiminteacha náisiúnta (ionadaíocht indíreach). Dhéantar dearmad ar an dara rian go minic. Ach, tá gné ríthábhachtach AE ag toghcháin do Pharlaimintí náisiúnta. Socraíonn siad, mar shampla, cé acu a thagann páirtithe polaitiúla níos mó eoraisceipteach nó 'europhile' i gcumhacht. Socraíonn siad cé a dhéanfaidh ionadaíocht don tír sa Chomhairle Eorpach agus sa Chormhairle (féach ar an figiúr in aice leis an tsaighead ghlas atá dírithe ar an gComhairle). Is príomhghníomhaithe ar leibhéal an AE iad Parlaimintí agus rialtais na mBallstát. Cuireann na Parlaimintí náisiúnta smacht i bhfeidhm ar an mbealach a chosnaíonn a rialtais seasamh laistigh den Chomhairle.[6]
Tá pointe áirithe daonlathais rannpháirteach san AE freisin. Is féidir leat do thuairim a chur in iúl ar go leor bealaí, mar shampla, trí thionscnamh saoránach Eorpach nó trí achainíocha a dhírithe chuig Parlaimint na hEorpa.

[4] Air. 1 CAE.
[5] 'Faoi phrionsabal na tabhartha, gníomhóidh an tAontas faoi theorainneacha na n-inniúlachtaí atá tugtha dó ag na Ballstáit sna Conarthaí d'fhonn na cuspóirí atá leagtha amach sna Conarthaí a bhaint amach. Inniúlachtaí nach bhfuil tugtha don Aontas sna Conarthaí, fanann siad ag na Ballstáit.' (air. 5,2 CAE).
[6] 'Ionadaítear do na saoránaigh go díreach ar leibhéal an Aontais i bParlaimint na hEorpa.
Is iad a gCinn Stáit nó Rialtais a ionadaíonn do na Ballstáit sa Chomhairle Eorpach agus is iad a rialtais, atá freagrach iad féin go daonlathach, sin os comhair a bParlaimintí náisiúnta nó os comhair a gcuid saoránach, a ionadaíonn do na Ballstait sa Chomhairle.' (air.10,2 CAE).

Tuilleadh eolais i: Téama: Daonlathas agus an Smacht Reachta.

Conas, is dóigh leat, a d'fhéadfaí an daonlathas san AE a néartú?

• Cén fáth a bhfuil an AE ábhartha domsa má fhanaim i mo thír féin?

Ní radharc i bhfad amach é an AE. Is é do spás é, spás oscailte gan teorainneacha inmheánacha, le saorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhisí agus caipitil, agus le seiceálacha ag an teorainn sheachtrach. (01:21 nóiméad)

Is cosúil go bhfuil an AE i bhfad amach. Ní chloisimid mórán faoi chinntí AE a ghlac 'an Bhruiséil' nó 'Strasbourg' nó faoi reachtaíocht an AE a glacadh ansin. Ach tá tionchar ollmhór ag an AE ar ár saol. Fiú má táimid inár gcónaí agus ag obair laistigh d'aon tír amháin, níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh go bhfuil cónaí orainn i limistéar oscailte ina bhfuil 27 mBallstát gan teorainneacha inmhéanacha. Is féidir le saoránaigh an AE taisteal agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát ar fad, agus mar sin, is féidir le saoránaigh AE ó thíortha eile teacht chuig ár dtír. Táimid inár gcónaí i 'margadh inmhéanach', limistéar ina bhfuil saorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí agus caipitil ráthaithe. Níl aon rialuithe ar dhaoine a thrasnaíonn na teorainneacha idir Ballstáit, ach tá seiceálacha ar siúl ag teorainneacha seachtracha coiteanna an AE.

Tá cásanna a léiríonn éifeachtaí nithiúla na beatha i spás oscailte gan teorainneacha inmheánacha ar fáil sa Mhodúl an Mhargaidh Inmheánaigh .

Conas a mheasúnófá buntáistí agus míbhuntáistí comparáideacha an mhargaidh inmheánaigh? Cad a cheapann tú faoin 'imirce daoine oilte' ó na Ballstáit is boichte go dtí na Ballstáit is saibhre?

• Céard faoi saoránaigh neamh-AE?

Ní féidir le náisiúnaigh tríú-tíortha – daoine nach saoránaigh de chuid an AE iad - teacht isteach díreach mar sin. (01:36nóiméad)

Is tír nach Ballstát den AE í 'tríú tír'. (Is é do 'chéad tír' an Ballstát ar náisiúnach de tú é. Féadfar a rá gurb iad na 'dara tíortha' na Ballstáit eile a bhaineann le do chomhphobal, an AE. Tríú tíortha is ea na tíortha eile go léir sa domhan nach baill den den AE iad.) Is náisiúnach de tríú tír é 'náisiúnach tríú tír', mar shampla, Ceanadach, Briotanach, Rúiseach nó Afganastánach.

Glacann saorghluaiseach daoine laistigh den AE leis teorainneacha seachtracha láidre. Mar shampla, is iad teorainneacha seachtracha teorainneacha na Gréige/na Tuirce nó na Polainne/Úcráin. Labhraímid faoin 'imirce' nuair a thrasnaíonn náisiúnaigh tríú tíortha teorainneacha seachtracha an AE chun fanacht san AE. Tá beartas á fhorbairt ag an AE chun teorainneacha seachtracha a chosaint go héifreachtach. Ag na teorainneacha seachtracha, tá náisiúnaigh tríú tíortha faoi réir do seiceálacha pearsanta. Caithfidh siad coinníollacha sonracha a chomhlíonadh agus víosa nó cead cónaithe a thaispeáint. Is údarú é víosa chun an teorainn sheachtrach a thrasnú, dul isteach i gcríoch an AE agus fanacht ann ar feadh tréimhse áirithe ama.

Níl *cearta saoránacha AE* ag náisiúnaigh tríú tíortha (mar shampla, ní féidir leo vótáil i dtoghcháin pharlaiminteacha na hEorpa), ach, ar ndóigh, tá *cearta daonna* acu (mar shampla, an ceart chun dínit an duine nó cearta an linbh a bhfuil deimhnithe de réir Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh).

Tá cásanna ar chearta na n-imirceach ar fáil sa Imirce – Modúl Teorainneacha Seachtracha Rialaithe. Féach freisin ar na sainmhínithe sa Gluais**.**

Cad a cheapann tú faoin idirdhealú a dhéantar idir saoránaigh an AE agus náisiúnaigh tríú tíortha?

• Cad as a dtagann mo chearta AE? Cén tionchar nithiúla atá ag rialacha an AE ar ár saol laethúil?

Tá tosaíocht ag rialacha an AE ar rialacha náisiúnta, agus tugann siad cearta duit a dhéannan difear do do chuid oibre, do chaitheamh aimsire, do theach agus do chathair, na rudaí a cheannaíonn tú, an t-aer a análaíonn tú, na caighdeáin sábháilteachta i d'fhoirgnimh, caranna agus traenacha, do luchtaire fón póca agus fiú an soicéad do do luchtaire fón póca. (01:45 nóiméad)

Tá tosaíocht dhlí an AE riachtanach chun cinnte a dhéanamh go gcuirtear rialacha AE i bhfeidhm go cothrom i ngach Ballstát.[7] Ní mór do gach Ballstát dlí an AE a urramú ar an mbealach céanna. Mar sin, ní féidir leo rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm a thagann i gcoimhlint le rialacha an AE. Dá bhféadfadh Ballstát an bonn a bhaint de rialacha AE go simplí trína rialacha féin a chur i bhfeidhm, ní fhéadfadh saoránaigh agus gnólachtaí a bheith cinnte a thuilleadh go n-urramófaí a gcearta AE sa tír sin.
Tá tionchar díreach ag go leor rialacha AE: is féidir le saoránaigh iad a agairt go neamhspleách ar rialacha náisiúnta. Cruthaíonn rialacha an AE cearta fostaíochta (m.sh. ama oibre), sábháilteacht táirgí, cosaint tomhaltóirí, an timpeallacht, agus araile. Mar leibhéal beartais, bíonn tionchar mór ag an AE ar ár saol laethúil. Is mar sin atá mar tá go leor réimsí beartais ann a bhfuil inniúlachtaí tugtha ag na Ballstáit don AE ina leith chun cuspóirí coitianta a bhaint amach, mar shampla, sa mhargadh inmheánach, iomapr, agaus araile.

Faightear tuilleadh eolais i Téama: Rialacha an AE agus achoimre ar shamplaí nithiúla de chearta an AE i gCásanna.

Cad iad na gnéithe AE atá i do shaol laethúil? Conas is féidir leat fáil amach faoi do chearta AE?

• Cad a chiallaíonn an smacht reachta sa AE?

Toisc go bhfuil an AE bunaithe ar an smacht reachta, is féidir leat aon cheart AE a fhorfheidhmiú sa chúirt, fiú in aghaidh do thíre féin. Múineann na scéalta faoi shaoránaigh de chuid an AE ag déanamh agóid ar son a gcearta sa chúirt duit cad dó a sheasann an AE agus cuireann siad ag smaoineamh thú. (02:13 nóiméad)



Is luach bunúsach de chuid an AE é an 'smacht reachta' (air.2 Conradh ar an Aontas Eorpach). Ciallaíonn an smacht reachta gurb é an dlí an bonn le húdarás poiblí a fheidhmiú. Níl aon duine os cionn an dlí. Ní mór do gach duine an dlí a urramú (dlí an AE san aireamh): údaráis, saoránaigh agus gnólachtaí an AE

[7] Tá sé mar thoradh ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais go bhfuil príomhact dhlí an AE ina bhunchloch san AE. Féach ar Cás Cúirte 1964 agus Dearbhú 17 atá i gceangal leis an Conradh Liospóin.

agus an Stáit. Caithfidh saoránaigh a bheith ábalta aon cheart a thugann an AE dóibh a chosaint os comhair cúirte neamhspleách i dtriail chóir. Má cheapann saoránaigh gur sáraíodh a gcearta AE, féadfaidh siad dul chun cúirte ina dtír agus fiú a n-údaráis náisiúnta a agairt. Déanfaidh an chúirt rialú ar an gceist go hiomlán neamhspleách. Cuireann an chúirt náisiúnta dlí an AE i bhfeidhm agus, i gcás amhrais, cuireann sí ceist ('réamhcheist') ar Chúirt Bhreithiúnais an AE. Trí dhul chun na cúirte, is féidir le saoránaigh a gcearta AE a fhorfheidhmiú agus mí-úsáidí a thabhairt chun solais, agus dá réir sin gníomhú ar mhaithe le leas an phobail.

Tuilleadh eolais i Téama: Daonlathas agus an Smacht Reachta.

An gceapann tú go bhfuil sé ceart go bhféadfaidh saoránach agóid a dhéanamh ina thír féin má sháraíonn an tír rialacha an AE? An mbeadh an misneach agat é sin a dhéanamh?

• Shampla: Aer glan

Chuir saoránaigh nach bhfuil ag iarraidh cur suas le haer míshláintiúil sa Bhruiséil brú ar rialtas na Bruiséile rud a dhéanamh de réir rialacha comhshaoil an AE. (02:38 nóiméad)

Treoraíonn an sampla seo do chás Lies Craeynest agus gníomhaithe comhshaoil eile.[8] Thug siad Príomh-Réigiún na Bruiséile os comhair na cúirte toisc gur sáraíodh na luachanna teorainn don dé-ocsaíd nítrigine a fhorchuireann an AE agus nach raibh aon phointí samplála ann chun tomhais a ghlacadh sna suíomhanna is truaillithe. Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an AE nár chuir údaráis na Bruiséile an Treoir um Cháilíocht Aeir i bhfeidhm i gceart.

Ar cheart do shaoránaigh ghníomhacha iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar bheartais a théann i ngleic le truailliú aeir nó an fearr na beartais sin a fhágáil faoin rialtas?

• Shampla: Pá chomhionann ar obair chomhionann

Chosain aeróstach a 'ceart AE ar phá chomhionainn ar obair chomhionann' agus bhuaigh sí a cás i gcoinne aerlíne mór le rá. (02:51 nóiméad)

Treoraíonn an scéal seo do chás suntasach *Defrenne*.[9] Dhiúltaigh Gabrielle Defrenne glacadh leis go bhfuair a comhghleacaithe fireann pá níos aired as obair chomhionann nó obair ar chomhluach agus rinne sí agairt ar Sabena. Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an AE nach féidir prionsabal na córa comhionainne le fir agus mná a laghdú go dtí dearbhú doiléir sa Chonradh ach gur cuid de bhunsraitheanna an Aontais é. Féadfaidh saoránaigh brath go díreach ar an riail AE seo. Déantar an comhionannas inscne a fhorbairt tuilleadh i dtreoracha an AE.

Tuilleadh eolais i *Defrenne* (in 'An cás a chur i láthair' agus 'Ag obair leis an gcás'). Féach freisin ar Téama: Comhionannas agus Neamh-Idirdhealú.

[8] *Craeynest agus Daoine Eile*, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Breithiúnas 26 Meitheamh 2019, Cás C-723/17.
[9] *Defrenne II,* Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Breithiúnas 8 Aibreán 1976, Cás 43/75.

Cén tuilleadh gníomhartha is gá a dhéanamh chun 'pá chomhionann ar obair chomhionann nó obair ar chomhluach' do mhná agus d'fhir a fhíorú?

- ## Shampla: Príobháideachas

Chosain mac léinn a 'cheart chun sonraí phearsanta a chosaint' agus bhuaigh sé in aghaidh Facebook. (03:00 nóiméad)

Baineann an sampla seo le cás *Schrems*.[10] Tá an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint ar áireamh i gCairt um Chearta Bunúsacha an AE. Ní féidir le Facebook ná le húdaráis SAM sonraí pearsanta na hEorpach a láimhseáil gan cosaintí cuí. Tharraing an mac léinn Ostarach Maximillian Schrems aird phreas an domhain ar an gcás seo.

Le haghaidh cásanna faoi príobháideachas san AE, féach ar an Modúl Claochlú Digiteach agus Príobhiáideacht.

Conas a chothromaíonn tú príobháideachas agus slándáil? Ar cheart go mbeadh rochtain ag seribhísí slándála ar shonraí pearsanta gach saoránach?

- ## Shampla: Cóir comhionainne

Rinne turasóirí Francacha sa Rómáin a 'gceart chun cóir comhionainne' a agairt agus d'íoc siad táille iontrála céanna leis na Rómhánaigh. (03:08 nóiméad)

Tá sé de cheart ag saoránaigh an AE neamh-idirdhealú ar fhorais náisiúntachta i mBallstáit eile an AE: i bprionsabal, ba cheart caitheamh leo go cothrom le saoránaigh na dtíortha sin. Is cloch choirnéil an AE é seo.
Nuair atá ar saoránaigh aghaidh a thabhairt ar cóir neamhionann, féadfaidh siad dul i dteagmháil le SOLVIT ('Réitigh ar fhadhbanna le do chearta AE' i nGaeilge). Baineann an sampla seo le gearán faoi tháillí iontrála chuig mainistreacha na Rómáine: bhí praghas an ticéid dhá uair níos airde do na neamh-Rómhánacha ná do na Rómhánaigh.

Tá tuilleadh eolais agus samplaí eile den cheart chun cóir chomhionainne beag bean ar náisiúntacht sa mhodúl ar An Margadh Inmheánach – An tAontas Eorpach mar Limistéar Oscailte gan Teorainneach Inmheánacha.

Cé chomh fada agus is ceart síneadh a chur le ceart an AE chun córa cohmionainne beag beann ar náisiúntacht? Ar cheart dúinn tairbhí sóisialta comhionanna a sholáthar don AE ar fad ó Bhallstáit eile a bhfuil cónaí orthu inár dtír, nó arc heart dúinn an dlúthpháirtíocht a theorannú dár gcomhpháirtithe? (Féach ar na srianta sa Treoir um Shaorghluaiseacht)[11].

- ## An bhfuil aon dualgais AE ann?

Ach tagann cearta an AE le dualgais an AE. Mar shampla, níl cead aon idirdhealú a dhéanamh ar bhonn náisiúntachta, gnéas, cine, reiligiún, míchumas, aoise nó claonadh gnéasach (03:19 nóiméad)

[10] *Maximillian Schrems in aghaidh An Coimisinéir Cosanta Sonraí (Schrems I)*, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, Cás C-362/14.
[11] Mar shampla, air. 7 agus 24.

Comhfhreagraíonn na cearta AE a mbaineann daoine áirithe tairbhe as do dhualgais an AE atá ceannasach ar dhaoine eile. Mar shampla, tá an ceart chun cóir comhionainne beag bean ar ghnéas, bunús ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, ag freagairt do dhualgas an AE gan idirdhealú a dhéanamh ar na forais toirmiscthe sin.[12]

Tuilleadh eolais sa Mhodúl um Chomhionannas agus Neamh-Idirdhealú (Téama Comhionannas agus Neamh-Idirdhealú agus cásanna a léiríonn gach foras toirmiscthe idirdhealaithe).

Tá dualgais AE ann i go leor réimsí eile, mar shampla: meas a léiriú ar phríobháideachas, tréimhse bhliantúil de shaoire le pá a dheonú, ráthaíocht dhá bhliain a sholáthar ar tháirge ceannaithe, nó caighdeáin chomhshaoil a urramú.

An gceapann tú gur cheart go mbeadh sé indéanta do reachtaíocht an AE dualgais a fhorchur, nó arc heart do thír féin amháin na dualgais sin a chinneadh?

• An bhfuil 'comhchuibhiú oiread agus is féidir' cheann do chuspóirí an AE?

Mar shaoránaigh de chuid an AE, táimid "aontaithe san éagsúlacht". Cuireann an AE lucht ar eagsúlacht agus léiríonn sé meas ar fhéiniúlachta náisiúnta na mBallstát. (03:34 nóiméad)

Níl sé mar aidhm ag an AE comhchuibhiú oiread agus is féidir. Is é mana an AE ná 'aontaithe san éagsúlacht.' Tá meas ag an AE ar chultúir, ar theangacha agus ar thraidisiúin éagsúla. Tá oibleagáid ar an Aontas féiniúlacht náisiúnta na mBallstát a urramú (atá ina cuid dhílis dá struchtúir bhunúsacha idir pholaitiúil agus bhunreachtúil).[13]

Faigh tuilleadh eolais faoi mana an AE sna teangacha oifigiúla go léir. Téann éagsúlacht agus cuimsiú ar láimh freisin le prionsabail an neamh-idirdhealaithe.

Conas a mheasfá cothromaíocht na héagsúlachta agus na haontachta san AE? Ar mhaith leat níos mó aontacht nó níos mó éagsúlachta?

• Luachanna AE

Baineann saoránaigh de chuid an AE le hAontas atá bunaithe ar luachanna coiteanna: meas ar dhínit, shaoirse, daonlathas, chomhionannas, an smacht reachta, chearta an duine, iolrachas, chaoinfhulaingt agus dlúthpháirtíocht. (03:47 nóiméad)

Is iad seo na luachanna sa Chonradh ar an Aontas Eorpach.[14] Is é an dúshlán atá ann ná seasamh leis na luacanna (uilíocha) seo san AE – spás oscailte gan teorainneacha inmhéanacha, le 27 mBallstát, 24 teanga oifigiúil, 450 milliún saoránach agus éagsúlacht mhór réigiú, cultúir, traidisiúin, religiúin... Ní féidir

[12] Air. 19 Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), air. 21 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (CCB).
[13] Air. 4,2 CAE.
[14] 'Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.' (air. 2 CAE).

muinín fhrithpháirteach a bheith ann idir na Ballstáit mura n-urramaíonn na Ballstáit go léir luachanna an AE, amhail meas ar chearta an duine. Cabhraíonn an feasacht ar luachanna comhroinnte bheith mar bhonn faoi féiniúlacht AE atá ag fás. Tá féiníomhá na mBallstát agus a gcuid saoránaigh neamhiomlán gan gné AE. Toisc gur 'aontas luachanna' é an AE, tá oideachas agus smaointeoireacht chriticiúil faoi luachanna an AE ríthábhachtach.

Tuilleadh i Téama: DNA an AE

Cé na luachanna AE a cheapann tú atá tábhachtach? Cé na luachanna ar chóir níos mó béime a chur orthu?

• Saoránacht ghníomhach AE

Mar shaoránach cumasaithe de chuid an AE, is féidir leat beart a dhéanamh tú féin.
Faigh tuilleadh eolais! Bí criticiúil, glac páirt agus – nuair is gá – seas suas ar son do chearta AE.
Is cinnte go bhfuil sé tábhachtach a bheith i do shaoránach Eorpach! (04:05 nóiméad)

Tá daonlathas agus cearta bunúsacha riachtanach inár bpobal. Theastaíonn siad tiomantas ó shaoránaigh: saoránacht ghníomhach. Sna Ballstáit agus san AE, ní féidir cinnti beartais a dhéanamh 'thar ár gceann', ach theastaíonn siad rannpháirtíocht ó shaoránaigh chumhachtacha, ghníomhacha, eolasacha agus ríthábhachtacha an AE.[15]

An mbaineann leatsa a bheith i do shaoránach gníomhach? Ar mhaith leat a bheith i do shaoránach gníomhach? Más ea, cad a chiallaíonn an gealltanas sin go praiticiúil? An féidir leat an tiomantas sin a chomhcheangal le do shaol pearsanta (do chuid oibre, do chuid staidéir, do theaghlach, do chaired, do chaiteamh aimsire…) ?

[15] 'Beidh an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais. Glacfar cinntí chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar agus is féidir don saoránach.' (air. 10,3 CAE).